Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2025
(OR. en)

10134/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0463 (COD)**

AG 83
JAI 799
FREMP 159
DISINFO 54
HYBRID 69
MI 381
DATAPROTECT 111
AUDIO 48
CONSOM 107
TELECOM 189
CODEC 787

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16646/24 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir maidir le Trédhearcacht na hIonadaíochta Leasa thar ceann tríú tíortha<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 12 Nollaig 2023, ghlac an Coimisiún an pacáiste maidir le Cosaint an Daonlathais. An méid seo a leanas atá ann:

   i. Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Cosaint an Daonlathais[1].
   ii. Togra le haghaidh Treoir nua maidir le Trédhearcacht na hIonadaíochta Leasa do thríú tíortha[2] (dá ngairtear 'an Treoir atá beartaithe' anseo feasta).
   iii. Togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 1024/2012 agus Rialachán (AE) 2018/1724[3] a ghabhann leis an Treoir atá beartaithe.
   iv. Measúnú tionchair[4] in éineacht leis an dá thogra reachtacha i bpointí (ii) agus (iii).
   v. Moladh ón gCoimisiún maidir le próisis thoghchánacha chuimsitheacha agus athléimneacha san Aontas agus feabhas a chur ar an ngné Eorpach agus ar stiúradh éifeachtúil na dtoghchán do Pharlaimint na hEorpa[5].
   vi. Moladh ón gCoimisiún maidir le ról gníomhach agus rannpháirtíocht éifeachtach na saoránach agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta sna próisis ceaptha beartas poiblí a chur chun cinn[6].

2. I bParlaimint na hEorpa, is é an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) an príomhchoiste. Is í Adina VALEAN (PPE, an Rómáin) an rapóirtéir ceaptha. Tá an togra ón gCoimisiún á scrúdú i bParlaimint na hEorpa go fóill. Ag an gcéim seo, táthar ag súil go vótálfaidh IMCO ar an dréacht-tuarascáil i mí Iúil agus beidh vótáil chríochnaitheach sa Seisiún Iomlánach i mí Mheán Fómhair.

---

[1] 16935/23 + ADD 1.
[2] 16889/23 + ADD 1 + ADD 2.
[3] 17076/23.
[4] 16889/23 + ADD 3 + ADD 4; 17076/23 + ADD 1 + ADD 2.
[5] 7434/24.
[6] 7433/24.

3. Ghlac an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a Thuairim[7] an 24 Aibreán 2024.

4. An 8 Feabhra 2024, tháinig Coiste na mBuanionadaithe (Coreper) ar chomhaontú maidir leis an gcomhairliúchán roghnach[8] le Coiste na Réigiún. Ghlac Coiste na Réigiún a Thuairim[9] an 17 Aibreán 2024.

## II. OBAIR SA CHOMHAIRLE

5. Thíolaic an Coimisiún príomhghnéithe an phacáiste, lena n-áirítear an Treoir atá beartaithe agus an measúnú tionchair a ghabhann leis, ag cruinniú den Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta an 9 Eanáir 2024 agus thíolaic sé an dá mholadh ón gCoimisiún ag cruinniú den Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta an 11 Eanáir.

6. Bhí díospóireacht bheartais ag na hairí maidir leis an bpacáiste 'Cosaint an Daonlathais', lena n-áirítear an Treoir atá beartaithe, ag an gcruinniú den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta an 29 Eanáir 2024 ar bhonn páipéar leathoifigiúil ón Uachtaránacht[10].

7. Ar an mbonn sin, le linn Uachtaránacht na Beilge, chuir an Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta an chéad scrúdú ar an Treoir atá beartaithe i gcrích, lena n-áirítear seisiún maidir le gnéithe praiticiúla na Treorach atá beartaithe agus maidir le clár trédhearcachta an Aontais. Thug roinnt toscaireachtaí faisnéis uathu maidir lena gcláir/reachtaíocht náisiúnta, na cinn atá ann cheana nó atá ar na bacáin araon.

8. D'eisigh Seirbhís Dlí na Comhairle tuairim i scríbhinn[11] maidir le bunús dlí an togra an 25 Aibreán 2024.

---

[7] 9738/24.
[8] 6003/24.
[9] 10327/24.
[10] 5428/24.
[11] 9328/24.

9. Phléigh Coreper na príomh-shaincheisteanna polaitiúla a sainaithníodh sa phlé ar leibhéal na Meithle um Ghnóthaí Ginearálta, ag an gcruinniú a bhí aige an 29 Bealtaine 2024 ar bhonn nóta[12] ina sainaithnítear na príomhréimsí a bhfuil treoir ag teastáil ina leith le haghaidh tuilleadh oibre. Tháinig an Uachtaránacht ar roinnt conclúidí oibríochtúla ón gcruinniú sin[13].

10. Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle (Gnóthaí Ginearálta) ag an gcruinniú a bhí aici an 25 Meitheamh 2024 ar bhonn nóta[13], ina raibh ceisteanna chun an díospóireacht a threorú. Cumhdaíodh roinnt príomh-shaincheisteanna sa díospóireacht, lena n-áirítear an bunús dlí, an raon feidhme agus na cuspóirí, leibhéal an chomhchuibhithe, na cláir agus an gá atá le tuilleadh anailíse.

11. Leis an bplé sin, cuireadh treoir thábhachtach ar fáil maidir le tuilleadh oibre a dhéanamh ar an leibhéal teicniúil. Dhearbhaigh na hairí go dtacaíonn siad i gcoitinne le cuspóirí na treorach agus chomhaontaigh siad gur gá aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist maidir le cur isteach ó thríú tíortha. Chomhaontaigh na hairí freisin gur gá sainmhínithe soiléire a bheith ann bunaithe ar chritéir oibiachtúla, agus stiogmatú a sheachaint. Ina theannta sin, diúltaíodh, tríd is tríd, don fhéidearthacht comhchuibhiú iomlán a dhéanamh.

12. Le linn an dara seimeastar de 2024, dhírigh Uachtaránacht na hUngáire a cuid iarrachtaí ar chláir agus rialacha náisiúnta atá ann cheana agus atá beartaithe a phlé. Roinn sí ceistneoir mionsonraithe ar chláir náisiúnta chun tuiscint níos fearr a fháil ar rialacha agus cleachtais náisiúnta na mBallstát atá ann cheana agus atá beartaithe maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chlárú agus chun cosúlachtaí agus difríochtaí eatarthu a shainaithint.

---

12 10266/24.
13 10805/24.

13. Cuireadh an measúnú a rinne an Uachtaránacht ar na freagraí[14] ar an gceistneoir seo i láthair agus rinneadh é a phlé ag cruinniú den Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta an 21 Samhain agus ag Coreper an 6 Nollaig 2024, ar bhonn plépháipéar.[15]

14. Bunaithe ar an bplé sin, d'ullmhaigh an Uachtaránacht tuarascáil ar dhul chun cinn[16] a thug Coreper dá aire ag an gcruinniú a bhí aige an 11 Nollaig 2024.

## III. STAID NA HIMEARTHA

15. Chuir Uachtaránacht na Polainne tús arís leis an scrúdú ar an togra reachtach ar leibhéal na Meithle um Ghnóthaí Ginearálta ar bhonn cúig phlépháipéar a ullmhaíodh chun na malartuithe maidir le príomh-shaincheisteanna polaitiúla an togra a éascú[17].

16. Le linn an phlé sin, breithníodh roinnt gnéithe, go háirithe leibhéal an chomhchuibhithe, an raon feidhme, sainmhínithe, an comhar trasteorannna smachtbhannaí agus coimircí i gcoinne an stiogmataithe.

17. Ar an mbonn sin, d'ullmhaigh an Uachtaránacht an chéad téacs comhréitigh[18] a pléadh sa Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta ag na cruinnithe a bhí aici an 13, an 15 agus an 20 Bealtaine 2025.

---

[14] 15070/24.
[15] 16241/24.
[16] 16646/24.
[17] WK 1316/25; WK 1841/25; WK 2543/25; WK 3141/25; WK 4581/25.
[18] WK 5510/25.

18. Chuir na toscaireachtaí in iúl go dtacaíonn siad ar an iomlán le treo an téacs chomhréitigh agus go dtacaíonn siad go ginearálta leis na príomh-shaincheisteanna polaitiúla, go háirithe:

i. an raon feidhme, agus tosaíocht á tabhairt d'infheidhmeacht an togra maidir le hionadaíocht leasa thar ceann tríú tíortha a theorannú;

ii. soiléirithe maidir leis an sainmhíniú ar ghníomhaíocht ionadaíochta leasa agus gníomhaíocht oifigigh Ballstáit;

iii. cur chuige comhchuibhithe íosta, mar aon le laghdú ar an ualach riaracháin, simpliú foriomlán an téacs, chomh maith le hoibleagáidí tuairiscithe laghdaithe do na Ballstáit;

iv. coimircí a choinneáil i gcoinne an stiogmataithe ar fud an téacs.

19. Mar sin féin, is beag toscaireacht a d'iarr go mbeadh raon feidhme níos leithne ann seachas ionadaíocht leasa a dhéantar thar ceann tríú tíortha agus chuir toscaireachtaí eile in iúl go raibh imní orthu faoin gclárú aonair i gclár Bhallstát na (príomh)b(h)unaíochta. Ina theannta sin, mheas roinnt toscaireachtaí go raibh an sainmhíniú athbhreithnithe ar ghníomhaíochtaí ionadaíochta leasa – atá bunaithe anois ar chumarsáid le hoifigigh phoiblí ainmnithe – fós róleathan.

20. Bunaithe ar an aiseolas a fuarthas ó bhéal sa Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta, agus i scríbhinn ina dhiaidh sin, cuirfidh an Uachtaránacht téacs comhréitigh athbhreithnithe[19] i láthair ag an gcruinniú a bheidh ag an Meitheal um Ghnóthaí Ginearálta an 20 Meitheamh.

---

[19] 9646/25.

21. Áirítear an méid seo a leanas ar na príomhathruithe i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún:

i. cur chuige comhchuibhithe íosta ar an iomlán;

ii. sainmhíniú níos cúinge ar ghníomhaíocht ionadaíochta leasa;

iii. sainmhíniú níos dírithe ar oifigeach de chuid Ballstáit;

iv. bunchistiú eintitis a eisiamh ar bhealach níos soiléire ó raon feidhme na Treorach ar choinníoll nach mbaineann sé le gníomhaíocht ionadaíochta leasa thar ceann tríú tíortha;

v. oibleagáid chlárúcháin ar fhochonraitheoirí chun an riosca imchéimniúcháin a íoslaghdú;

vi. simpliú ar na ceanglais chlárúcháin agus ar an nós imeachta clárúcháin chomh maith le coimeád taifead agus comhar trasteorann;

vii. dlínse mhaoirseachta bunaithe ar náisiúntacht an oifigigh ar a bhfuiltear ag díriú;

viii. laghdú ar oibleagáidí tuairiscithe na mBallstát;

ix. méadú ar uasmhéid na bpionós airgeadais;

x. síneadh a chur leis na tréimhsí trasuí.

## IV. <u>CONCLÚIDÍ</u>

22. Iarrtar ar <u>Coreper</u> a mholadh don Chomhairle an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thabhairt dá haire.